2025/1142

10.6.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1142 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Feabhra 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais maidir le beartais agus nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus na mionsonraí agus an mhodheolaíocht i ndáil le hinneachar nochtaí maidir le coinbhleachtaí leasa

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí cripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ([1]), agus go háirithe Airteagal 72(5), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Agus na beartais agus na nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh á gcur chun feidhme agus á gcoinneáil ar bun ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, ar beartais agus nósanna imeachta iad dá dtagraítear in Airteagal 72 de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart dóibh prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh chun a áirithiú go mbeidh na beartais agus na nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa leordhóthanach chun cuspóirí an Airteagail sin a bhaint amach. I gcomhréir le hAirteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, tá scála, cineál agus raon na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear le cur san áireamh ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní freisin.

(2) Chun a áirithiú gur chun leasa na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus a gcliant iad na beartais agus na nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa, ba cheart a chumhdach leis na beartais agus na nósanna imeachta sin cásanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chumas soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nó daoine atá bainteach leis na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sin a ndualgais nó a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go hoibiachtúil agus go neamhspleách, chun leasa cliant, agus ar fheidhmíocht an eintitis, nó cásanna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chumas sin nó d'fheidhmíocht an eintitis, nó cásanna a bhféadfaí a mheas ina leith go n-imríonn siad tionchar ar an gcumas sin nó ar an bhfeidhmíocht sin nó go ndéanann siad difear dóibh.

(3) I gcás ina mbaineann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní le grúpa, ba cheart imthosca a bhaineann leis sin a chur san áireamh freisin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar cuid de ghrúpa iad aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa mar gheall ar struchtúr agus gníomhaíochtaí gnó eintiteas eile laistigh dá ngrúpa. Chuige sin, i gcás ina mbeidh seirbhísí cripteashócmhainní iomadúla agus gníomhaíochtaí gaolmhara á soláthar ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, as féin nó in éineacht le heintitis eile dá ghrúpa, ba cheart do na beartais agus do na nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa aon mhí-úsáid a eascraíonn as rialú comhchruinnithe agus bainistiú idirbheart páirtithe gaolmhara, lena n-áirítear idirbhearta a bhaineann le cuideachtaí cleamhnaithe, a chosc.

(5) Chun coinbhleachtaí leasa a dhéanfadh dochar do na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus a gcuid cliant a chosc, ba cheart a áirithiú le beartais agus nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa go ndéanfar faireachán cúramach ar chásanna ina bhfuil caidreamh pearsanta, gairmiúil nó polaitiúil le duine eile ag daoine atá bainteach leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. D'fhéadfadh caidrimh den sórt sin tionchar a imirt ar bhreithiúnas oibiachtúil an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus na ndaoine bainteacha. Ba cheart a áireamh ar chaidrimh phearsanta gaolta fola nó cleamhnais, nó caidrimh shóisialta nach bhfuil teoranta do pháirtnéireacht fhoirmiúil nó do phósadh. Ba cheart a áireamh ar chaidrimh pholaitiúla ballraíocht i bpáirtithe polaitiúla, nó caidrimh le hoifigigh rialtais nó le hoifigigh phoiblí eile. Ba cheart a áireamh ar chaidrimh ghairmiúla caidrimh i suíomh gairmiúil, lena n-áirítear ag an obair nó i gcomhthéacs gnó.

([1]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32023R1114.

(6) Ionas go mbeidh na beartais agus na nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa éifeachtach, ba cheart struchtúr trédhearcach eagraíochtúil agus bainistíochta a bheith ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, struchtúr a bheidh comhsheasmhach lena straitéis fhoriomlán agus lena bpróifíl riosca fhoriomlán, agus a mbeidh tuiscint mhaith ag a gcomhlacht bainistíochta, a n-eintitis chleamhnaithe, a n-údaráis inniúla náisiúnta agus a gcliaint air.

(7) Tá rialachas agus bainistiú fónta soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ríthábhachtach chun a bhfeidhmiú agus muinín sna margaí airgeadais araon a áirithiú. Ar na cúiseanna sin, ba cheart déileáil sna beartais agus sna nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa le cásanna ina bhféadfadh na coinbhleachtaí leasa bac a chur ar chumas chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta cinntí oibiachtúla neamhchlaonta a dhéanamh chun leasa an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus a chliant.

(8) Na coinbhleachtaí leasa féideartha agus iarbhír atá le cur san áireamh ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní de bhun Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, is iad ba cheart a bheith ann na coinbhleachtaí leasa sin a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, do leasanna cliant chomh maith leo siúd a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, d'fheidhmíocht agus do staid an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní iontu féin agus a dhéanann difear go hindíreach, dá réir sin, do leasanna cliant freisin.

(9) Chun trédhearcacht a áirithiú maidir leis na bearta arna ndéanamh chun coinbhleachtaí leasa sainaitheanta a mhaolú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na ceanglais maidir le coinbhleachtaí leasa a nochtadh a leagtar amach in Airteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 a chomhlíonadh. Mar sin féin, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh beartais agus nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa a gcuspóir, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith ag brath ar choinbhleachtaí leasa a nochtadh agus air sin amháin chun aghaidh a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh na ceanglais maidir le nochtadh a chomhlíonadh, ach ba cheart dóibh a áirithiú freisin go ndéanfar coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc agus a bhainistiú.

(10) An luach saothair a íoctar le ball foirne a bhfuil baint acu le seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar do chliaint, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le coinbhleachtaí leasa. Cé go mbíonn sé de shaoirse ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mbeartais um luach saothair a chinneadh i gcoitinne, ba cheart dóibh a áirithiú nach gcruthaíonn a mbeartais agus a gcleachtais um luach saothair coinbhleachtaí idir leasanna cliant agus leasanna an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó leasanna daoine bainteacha agus nach gcuireann siad isteach ar chumas daoine bainteacha a ndualgais agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách oibiachtúil. Chun a áirithiú go gcuirfear na ceanglais maidir le coinbhleachtaí leasa i bhfeidhm go héifeachtúil agus go comhsheasmhach i réimse an luacha saothair, ba cheart a áireamh i gcoincheap an luacha saothair gach cineál íocaíochta agus sochar airgeadais nó neamhairgeadais a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní go díreach nó go hindíreach do dhaoine a bhfuil tionchar acu, go díreach nó go hindíreach, ar sheirbhísí cripteashócmhainní arna soláthar ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nó ar a n-iompraíocht chorparáideach. Beartais um luach saothair arna gcur chun feidhme i gcomhthéacs beartas um choinbhleachtaí leasa, ba cheart a áirithiú leo go gcaithfear go cothrom le cliaint agus nach ndéanfaidh na cleachtais luacha saothair a ghlacfaidh na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma dochar do leasanna na gcliant sin.

(11) I bhfianaise beartais agus nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa a bheith á gcur chun feidhme, á gcoinneáil ar bun agus á n-athbhreithniú go hiomchuí, ba cheart a áirithiú leis na beartais agus na nósanna imeachta sin go mbeidh acmhainní daonna ann a bheidh leordhóthanach agus neamhspleách go hinmheánach chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú. Ba cheart na scileanna, an t-eolas agus an saineolas is gá maidir le coinbhleachtaí leasa a bheith ag na hacmhainní daonna sin freisin. Ar an gcúis sin, ba cheart don duine atá freagrach as coinbhleachtaí leasa a bhainistiú a bheith in ann rochtain a fháil ar an mbealach tuairiscithe inmheánach ábhartha ag gníomhú ina fheidhm bhainistíochta agus, i gcás inarb infheidhme, ina fheidhm mhaoirseachta agus tuairisciú go díreach dó.

(12) Chun a áirithiú gur féidir le cliaint cinneadh eolasach a dhéanamh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis a nochtar maidir le cineál ginearálta agus foinsí coinbhleachtaí leasa agus maidir leis na bearta a dhéantar chun iad a mhaolú de bhun Airteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 a choimeád cothrom le dáta. Ba cheart a chur san áireamh i nochtadh den sórt sin na cineálacha éagsúla cliant a bhfuil sé dírithe orthu, lena n-áirítear na leibhéil éagsúla eolais agus taithí atá ag na cliaint sin.

(13) Is minic a fhéadfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith ag oibriú ar bhealach atá comhtháite go hingearach nó i ndlúthchomhar le heintitis chleamhnaithe nó le heintitis den ghrúpa céanna. Chun ról an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an cháil ina bhfuil sé ag gníomhú a shoiléiriú do chliaint, ba cheart a áireamh sna nochtaí dá dtagraítear in Airteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 tuairisc atá mionsonraithe, sonrach agus soiléir go leor ar na cásanna is cúis, nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis, le coinbhleachtaí leasa. Tá an fhaisnéis sin ábhartha go háirithe i gcásanna ina ndéanann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní é féin a mhargú agus é ag gabháil do mhalartú cripteashócmhainní ach ina mbíonn sé ag gabháil iarbhír d'fheidhmeanna nó do ghníomhaíochtaí iomadúla nó ina gcomhcheanglaíonn sé feidhmeanna nó gníomhaíochtaí iomadúla, lena n-áirítear ardán trádála cripteashócmhainní a oibriú, margaí a chruthú, trádáil faoi chumhdach éarlaise a chur ar fáil nó cumhdach, socraíocht, iasachtú, iasachtaíocht agus trádáil dílseánaigh a éascú. Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú, ba cheart rochtain a bheith ag cliaint agus ag cliaint ionchasacha ar na nochtaí dá dtagraítear in Airteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 i dteanga a thuigeann siad. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nochtaí den sórt sin a chur ar fáil i ngach teanga a úsáideann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní chun a sheirbhísí a mhargú nó chun cumarsáid a dhéanamh le cliaint sa Bhallstát ábhartha.

(14) Tá dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, lena n-áirítear an fhaisnéis a bhailítear trína mbeartais agus trína nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa.

(15) I gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na catagóirí sonraí pearsanta a phróiseálfaidh siad chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc agus a bhainistiú a shonrú ina mbeartais agus ina nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, agus scála, cineál agus raon na seirbhísí cripteashócmhainní agus na ngníomhaíochtaí eile a sholáthraíonn nó a dhéanann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an grúpa ina bhfuil sé á gcur san áireamh acu;

(16) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus thug sé tuairim uaidh an 17 Iúil 2024.

(17) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí faoi bhráid an Choimisiúin, i ndlúthchomhar leis an Údarás Baincéireachta Eorpach.

(18) An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32016R0679).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32018R1725).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32010R1095).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'duine bainteach' aon duine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 72(1), pointí (a)(i) go (a)(iv), de Rialachán (AE) 2023/1114;

2. ciallaíonn 'luach saothair' aon chineál íocaíochta nó sochair airgeadais nó neamhairgeadais eile a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní go díreach nó go hindíreach i dtaca le seirbhísí criptea-shócmhainní a sholáthar do chliaint;

3. ciallaíonn 'grúpa' grúpa mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

Airteagal 2

Coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní

1. Leis na beartais agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh, ar coinbhleachtaí leasa iad a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, sonrófar na himthosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh go díreach nó go hindíreach d'oibiachtúlacht agus do neamhchlaontacht na ndaoine bainteacha agus a ndualgais agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu. Cuirfear san áireamh sna beartais agus sna nósanna imeachta sin, ar a laghad, cásanna nó caidrimh inarb amhlaidh na nithe seo a leanas maidir le duine bainteach:

(a) tá leas eacnamaíoch aige i nduine, i gcomhlacht nó in eintiteas a bhfuil a leasanna i gcoinbhleacht le leasanna an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) tá caidreamh i láthair na huaire aige le duine, comhlacht nó eintiteas a bhfuil a leasanna i gcoinbhleacht le leasanna an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, ar caidreamh é a d'fhéadfadh a bheith de chineál pearsanta, gairmiúil nó polaitiúil, nó bhí an caidreamh sin aige laistigh de na 3 bliana roimhe sin dar tús an tráth a dhéantar an measúnú;

(c) déanann sé cúraimí agus gníomhaíochtaí, nó cuirtear freagrachtaí ar iontaoibh dó a bhaineann le leas chúraimí agus gníomhaíochtaí an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, nó a ndéanann duine maoirseacht ó thaobh ordlathais air, duine atá i gceannas ar fheidhmeanna nó cúraimí, a bhaineann le leas chúraimí agus gníomhaíochtaí an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

2. Chun na daoine, na comhlachtaí nó na heintitis a bhfuil a leasanna i gcoinbhleacht le leasanna soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a shainaithint, cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní san áireamh, ar a laghad, an amhlaidh na nithe seo a leanas maidir leis an duine, an comhlacht nó an t-eintiteas sin:

(a) is dócha go ndéanfaidh sé gnóthachan airgeadais, nó go seachnóidh sé caillteanas airgeadais, ar chostas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) tá leas aige i dtoradh seirbhíse cripteashócmhainní a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó i ngníomhaíocht a dhéanann sé, nach mar an gcéanna le leas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sa toradh sin;

(c) déanann sé an gnó céanna leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó is cliant, sainchomhairleoir, comhairleoir, toscaire, seachfhoinsí, soláthraí seirbhíse nó soláthróir eile (lena n-áirítear fochonraitheoirí) de chuid an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní é agus tá foras inléirithe ann go bhféadfadh sé gur ann do choinbhleacht leasa idir é agus an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

([5]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

3. Chun críocha mhír 1, pointe (a), cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cásanna san áireamh inarb amhlaidh na nithe seo a leanas maidir leis an duine bainteach ar comhalta den chomhlacht bainistíochta nó fostaí de chuid an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní é nó ar scairshealbhóir nó comhalta é a bhfuil sealúchas cáilithe aige sa soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní:

(a) tá scaireanna, comharthaí (lena n-áirítear comharthaí rialachais), cearta úinéireachta eile nó ballraíocht aige sa duine, sa chomhlacht nó san eintiteas sin;

(b) tá ionstraimí fiachais de chuid an duine, an chomhlachta nó an eintitis sin aige nó tá socruithe fiachais eile aige leis an duine, leis an gcomhlacht nó leis an eintiteas sin;

(c) tá socruithe conarthacha d'aon chineál aige leis an duine, leis an gcomhlacht nó leis an eintiteas sin, ar socruithe iad a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a rialaítear faoi Rialachán (AE) 2023/1114.

Airteagal 3

Coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chliaint

Ionas go sainaithneofar na coinbhleachtaí leasa a thagann chun cinn agus seirbhísí cripteashócmhainní á soláthar, ar coinbhleachtaí leasa iad a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna cliant, cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní san áireamh an amhlaidh na nithe seo a leanas maidir leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó aon duine bainteach:

(a) is dócha go ndéanfaidh sé gnóthachan airgeadais, go seachnóidh sé caillteanas airgeadais, nó go bhfaighidh sé sochar eile, ar chostas an chliaint;

(b) tá leas aige i dtoradh seirbhíse cripteashócmhainní a sholáthraítear don chliant nó i dtoradh idirbhirt a dhéantar thar ceann an chliaint, atá éagsúil le leas an chliaint sa toradh sin;

(c) tá dreasacht airgeadais nó dreasacht eile aige chun tosaíocht a thabhairt do leas cliaint amháin nó níos mó thar leasanna cliaint eile;

(d) déanann sé an gnó céanna leis an gcliant;

(e) faigheann sé nó gheobhaidh sé aslach ó dhuine nach é an cliant é i ndáil le seirbhís a sholáthraítear don chliant, i bhfoirm sochair nó seirbhísí airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta.

Airteagal 4

Beartais agus nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2023/1114

1. Leagfar amach na beartais agus na nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa i scríbhinn agus cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh iontu:

(a) scála, cineál agus raon na seirbhísí cripteashócmhainní agus na ngníomhaíochtaí eile a sholáthraíonn nó a dhéanann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) i gcás inar comhalta de ghrúpa é an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, aon imthoisc a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le coinbhleacht leasa mar gheall ar struchtúr agus ar ghníomhaíochtaí gnó eintiteas eile laistigh den ghrúpa.

2. Beidh comhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní freagrach as na beartais agus na nósanna imeachta sin a shainiú, a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Déanfaidh sé measúnú agus athbhreithniú tréimhsiúil ar a n-éifeachtacht agus tabharfaidh sé aghaidh ar aon easnamh ina leith sin.

3. Bunóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní bealaí inmheánacha éifeachtacha chun fostaithe agus comhaltaí an chomhlachta bainistíochta a chur ar an eolas faoina mbeartais agus a nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa agus chun rochtain leanúnach orthu a thabhairt dóibh agus soláthróidh siad oiliúint nuashonraithe iomchuí sna beartais agus sna nósanna imeachta sin um choinbhleachtaí leasa.

4. Áireofar na nithe seo a leanas sna beartais agus sna nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa:

(a) i ndáil le haon seirbhís nó gníomhaíocht cripteashócmhainní a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó a dhéanann sainchomhairleoir, comhairleoir, toscaire nó seachfhoinsí thar a cheann, tuairisc ar na himthosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3;

(b) na próisis atá le cur i bhfeidhm chun na coinbhleachtaí leasa dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh;

(c) tagairt shoiléir do struchtúr eagraíochtúil agus bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

5. Cuirfear san áireamh sna beartais agus sna nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa an riosca go ndéanfaí damáiste do leasanna cliaint amháin nó níos mó nó do leasanna an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

6. Áireofar sna próisis dá dtagraítear in Airteagal 4(4), pointe (b), na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

(a) bearta chun aon ábhar a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith mar thoradh air, nó a raibh coinbhleacht leasa mar thoradh air, a thuairisciú agus a chur in iúl go pras don bhealach tuairiscithe inmheánach ainmnithe;

(b) bearta chun malartú faisnéise idir daoine bainteacha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí lena mbaineann riosca coinbhleachta leasa a chosc agus a rialú i gcás ina bhféadfadh malartú na faisnéise sin dochar a dhéanamh do leasanna cliaint amháin nó níos mó;

(c) formhaoirseacht inmheánach ar leithligh ar dhaoine bainteacha a mbaineann a bpríomhfheidhmeanna le gníomhaíochtaí a dhéanamh thar ceann cliant, nó le seirbhísí a sholáthar do chliaint, a bhféadfadh a leasanna a bheith i gcoinbhleacht le chéile nó le leasanna an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(d) aon nasc díreach idir an luach saothair a sholáthraítear d'fhostaithe, toscairí, seachfhoinsithe, fochonraitheoirí nó comhaltaí comhlachta bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá ag gabháil go príomha do ghníomhaíocht amháin agus an luach saothair a íoctar le fostaithe, toscairí, seachfhoinsithe, fochonraitheoirí nó comhaltaí comhlachta bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá ag gabháil go príomha do ghníomhaíocht eile, nó ioncam a ghineann na fostaithe, na toscairí, na seachfhoinsithe, na fochonraitheoirí nó na comhaltaí sin, a bhaint i gcás ina bhfuil foras inléirithe ann go bhféadfadh coinbhleacht leasa teacht chun cinn i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin;

(e) bearta chun a áirithiú go gcuirfear cosc ar dhaoine bainteacha, ar daoine iad a dhéanann gníomhaíochtaí gnó seachtracha a bhaineann leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, tionchar míchuí a imirt laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní maidir leis na gníomhaíochtaí sin;

(f) bearta chun cosc a chur nó rialú a dhéanamh ar dhuine bainteach a bheith rannpháirteach go comhuaineach nó go seicheamhach i seirbhísí nó i ngníomhaíochtaí cripteashócmhainní ar leithligh i gcás ina bhféadfadh an rannpháirtíocht sin dochar a dhéanamh do bhainistiú cuí coinbhleachtaí leasa;

(g) bearta chun a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí nó idirbhearta atá i gcoinbhleacht le chéile a chur ar iontaoibh daoine éagsúla;

(h) bearta chun a bhunú go mbeidh sé de fhreagracht ar chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta comhaltaí eile a chur ar an eolas faoi aon ábhar a bhfuil coinbhleacht leasa ag an gcomhalta sin ann nó a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith aige ann agus staonadh ó vótáil ar an ábhar sin;

(i) bearta chun cosc a chur ar chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta poist bhainistíochta a bheith acu i soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní iomaíocha lasmuigh den ghrúpa céanna;

(j) bearta chun malartú faisnéise idir daoine bainteacha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí lena mbaineann riosca coinbhleachta leasa a chosc agus a rialú i gcás ina bhféadfadh malartú na faisnéise sin difear a dhéanamh do chomhlíonadh fhreagrachtaí an duine bhaintigh sin i leith an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

7. Áiritheoidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní go n-athdhearbhófar go réasúnta leis na beartais agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 3, pointe (b) go ndéanfar na rioscaí a bhaineann le damáiste do leasanna an tsoláthraí cripteashócmhainní nó dá chliaint a chosc nó a mhaolú go hiomchuí.

8. Leis na beartais agus na nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa, áiritheofar go dtiomnóidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní acmhainní leordhóthanacha, lena n-áirítear acmhainní daonna leordhóthanacha agus neamhspleácha dá gcur chun feidhme, dá gcoinneáil ar bun agus dá n-athbhreithniú, lena n-áirítear duine a cheapadh a bheidh freagrach as coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh.

Beidh an t-údarás is gá ag an duine sin chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go hiomchuí agus go neamhspleách agus tuairisceoidh sé go díreach don chomhlacht bainistíochta.

I gcás inar cuireadh róil nó feidhmeanna eile ar iontaoibh an duine sin, beidh siad sin iomchuí i bhfianaise scála, chineál agus raon sheirbhísí cripteashócmhainní agus ghníomhaíochtaí eile an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, agus ní chuirfidh siad neamhspleáchas ná oibiachtúlacht an duine sin i mbaol.

Leis na beartais agus na nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa, saineofar na scileanna, an t-eolas agus an saineolas is gá a bheith ag an bhfoireann atá i gceannas ar na freagrachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus déanfar foráil maidir le rochtain a bheith ag an bhfoireann sin ar an bhfaisnéis ábhartha uile chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

Airteagal 5

Beartais agus nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa i gcomhthéacs luacha saothair

1. Ina mbeartais agus ina nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní beartais agus nósanna imeachta um luach saothair a shainiú agus a chur chun feidhme agus leasanna a gcliant uile á gcur san áireamh acu.

2. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gurb amhlaidh na nithe seo a leanas maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta um luach saothair dá dtagraítear i mír 1:

(a) ní chruthóidh siad coinbhleacht leasa nó dreasacht a d'fhéadfadh a thabhairt ar na daoine a bhfuil siad infheidhme ina leith fabhar a thabhairt dá leasanna féin nó do leasanna an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní chun aimhleasa fhéideartha aon chliaint nó a d'fhéadfadh a thabhairt ar na daoine a bhfuil siad infheidhme ina leith fabhar a thabhairt dá leasanna féin chun aimhleasa an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) déanfaidh siad maolú iomchuí ar aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca dámhachtain luacha saothair inathraithe agus príomhtháscairí feidhmíochta foluiteacha agus sásraí ailínithe riosca, lena n-áirítear aisíocaíocht ionstraimí le fostaithe nó le comhlacht bainistíochta mar chuid den luach saothair inathraithe nó seasta.

3. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní go mbeidh a mbeartais agus a nósanna imeachta um luach saothair dá dtagraítear i mír 1 infheidhme maidir leis na nithe uile seo a leanas:

(a) a bhfostaithe agus aon duine nádúrtha eile a gcuirtear a sheirbhísí ar fáil don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus faoina rialú agus a bhfuil baint aige le seirbhísí cripteashócmhainní a bheith á soláthar ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) comhaltaí dá gcomhlacht bainistíochta;

(c) aon duine nádúrtha a bhfuil baint dhíreach aige le seirbhísí a sholáthar don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní faoi shocrú seachfhoinsithe chun go mbeidh seirbhísí cripteashócmhainní á soláthar ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

4. Nósanna imeachta, beartais agus socruithe an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní um luach saothair, beidh feidhm acu maidir le daoine dá dtagraítear i mír 3 a bhfuil tionchar acu, go díreach nó go hindíreach, ar sheirbhísí cripteashócmhainní arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó ar a iompraíocht chorparáideach, gan beann ar an gcineál cliant, agus a mhéid a d'fhéadfadh luach saothair na ndaoine sin agus dreasachtaí ábhartha eile a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa a spreagann iad chun gníomhú in aghaidh leasanna aon cheann de chliaint an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó chun tosaíocht a thabhairt dá leasanna féin chun dochair don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

Airteagal 6

Beartais agus nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa i gcomhthéacs idirbhearta pearsanta

1. Maidir le hidirbhearta a bhfuil suíomh i gcripteashócmhainn nó neamhchosaint ar chripteashócmhainn mar thoradh orthu a dhéanann duine bainteach nó a dhéantar thar a cheann, áiritheofar le beartais agus nósanna imeachta um choinbhleachtaí leasa go mbeidh siad faoi réir grinnscrúdú agus faireacháin i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) tá an duine bainteach ag gníomhú lasmuigh de raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéanann an duine bainteach ina cháil ghairmiúil;

(b) déantar an t-idirbheart do chuntas aon duine de na daoine seo a leanas:

(i) an duine bainteach;

(ii) aon duine a bhfuil gaol teaghlaigh nó dlúthnaisc, dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (31), de Rialachán (AE) 2023/1114, ag duine bainteach leis;

(iii) duine ar uaidh a bhféadfadh coinne a bheith ag an duine bainteach leis leas ábhartha a fháil go díreach nó go hindíreach, ar leas é atá nasctha le toradh an idirbhirt, cé is moite de tháille nó coimisiún as an idirbheart a fhorghníomhú.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b)(ii), ciallóidh duine a bhfuil gaol teaghlaigh ag an duine bainteach leis aon cheann díobh seo a leanas:

(a) céile an duine bhaintigh nó aon pháirtí leis an duine sin a mheastar de réir an dlí náisiúnta a bheith coibhéiseach le céile;

(b) leanbh cleithiúnach nó leasleanbh leis an duine bainteach;

(c) aon ghaol eile leis an duine bainteach a bhí sa teaghlach céanna leis an duine sin ar feadh bliana amháin ar a laghad le linn na 5 bliana roimh dháta an idirbhirt phearsanta lena mbaineann.

2. I ndáil leis na hidirbhearta dá dtagraítear i mír 1, áiritheofar an méid seo a leanas leis na beartais agus na nósanna imeachta:

(a) maidir leis an gcinneadh idirbhearta den sórt sin a fhorghníomhú:

(i) go ndéanfaidh an duine atá freagrach as coinbhleachtaí leasa a bhainistiú idirbhearta den sórt sin a shainaithint nó go dtabharfar fógra don duine sin fúthu sula ndéanfar cinneadh maidir le forghníomhú agus coinníollacha an idirbhirt agus go ndéanfar doiciméadacht ar na hidirbhearta sin;

(ii) gur go hoibiachtúil, chun leasa gach páirtí, a dhéanfar cinntí maidir le hidirbhearta den sórt sin a dhéanamh;

(iii) go mbeidh coinníollacha an idirbhirt coibhéiseach leis na coinníollacha a bheadh i bhfeidhm idir páirtithe neamhspleácha maidir leis na hidirbhearta céanna in éagmais coinbhleacht leasa.

(b) go leagfar amach próisis chinnteoireachta chun na hidirbhearta sin a dhéanamh agus go leagfar síos tairseacha, arna sloinneadh mar mhéid an idirbhirt, ar os a gcionn is gá formheas a fháil ón gcomhlacht bainistíochta le haghaidh an idirbhirt sin;

(c) go mbeidh fostaithe agus comhaltaí an chomhlachta bainistíochta ar an eolas faoi na rialacha a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na hidirbhearta sin, agus faoi na bearta arna mbunú ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní i ndáil leo;

(d) go gcuirfear an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar an eolas go pras faoi aon cheann de na hidirbhearta sin;

(e) go gcoimeádfar taifead ar an idirbheart a shainaithnítear nó a dtugtar fógra faoi don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, lena sonraítear dáta agus am an idirbhirt, na coinníollacha, a mhéid, an contrapháirtí agus aon údarú nó toirmeasc i ndáil leis an idirbheart sin.

Airteagal 7

Nochtaí arna ndéanamh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2023/1114

1. Sna nochtaí a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, beidh tuairisc mhionsonraithe, shonrach agus shoiléir ar na nithe seo a leanas:

(a) na seirbhísí, na gníomhaíochtaí nó na himthosca is cúis, nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis, le coinbhleachtaí leasa dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus Airteagal 3(1), lena n-áirítear ról an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an cháil ina bhfuil sé ag gníomhú agus an tseirbhís cripteashócmhainní á soláthar aige don chliant;

(b) cineál na gcoinbhleachtaí leasa a shainaithnítear;

(c) na rioscaí a shainaithnítear i ndáil leis na coinbhleachtaí leasa dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus Airteagal 3(1);

(d) na céimeanna agus na bearta a dhéantar chun na coinbhleachtaí leasa sainaitheanta a mhaolú.

2. Na nochtaí dá dtagraítear i mír 1, ní mheasfar gur bealach leordhóthanach iad chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú agus a mhaolú.

3. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil dá gcliaint i gcónaí in áit fheiceálach ar a suíomh gréasáin agus i bhformáidí a fhaightear ar aon ghaireas trína sholáthraítear an tseirbhís cripteashócmhainní don chliant. I gcás ina ndéanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nochtaí den sórt sin ar an ngaireas ábhartha, soláthróidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nasc freisin chuig na nochtaí céanna arna ndéanamh ar a shuíomh gréasáin.

4. Coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 cothrom le dáta i gcónaí.

5. Chun críocha an nochta dá dtagraítear i mír 2, coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní taifid chothrom le dáta ar na cásanna uile is cúis le coinbhleachtaí leasa iarbhír agus féideartha, lena n-áirítear na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí cripteashócmhainní ábhartha, agus ar na bearta a dhéantar chun na coinbhleachtaí sin a chosc nó a bhainistiú sna cásanna ábhartha. Coimeádfar na taifid ar feadh tréimhse 5 bliana.

6. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na nochtaí ar fáil i ngach teanga a úsáideann siad chun a seirbhísí a mhargú agus chun cumarsáid a dhéanamh lena gcliant sa Bhallstát ábhartha.

Airteagal 8

Ceanglais bhreise maidir le láithriú

1. Ionas go sainaithneofar na cineálacha coinbhleachta leasa a thagann chun cinn i gcás ina mbeidh seirbhísí láithrithe á soláthar ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na cásanna seo a leanas san áireamh, gan dochar d'Airteagal 79(2) de Rialachán (AE) 2023/1114:

(a) tá seirbhísí praghsála á dtairiscint ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní freisin i ndáil le cripteashócmhainní a thairiscint;

(b) tá forghníomhú orduithe cripteashócmhainní thar ceann cliant agus seirbhísí taighde á soláthar ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní freisin;

(c) tá cripteashócmhainní á láithriú ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní arb é féin nó eintiteas óna ghrúpa an t-eisitheoir.

2. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní socruithe inmheánacha a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun gach ceann de na nithe seo a leanas a áirithiú:

(a) nach gcuirfidh praghsáil na tairisceana leasanna cliant eile de chuid an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó leasanna an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní féin chun cinn ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le leasanna an chliaint is eisitheoir;

(b) nach gcuirfidh praghsáil na tairisceana leasanna an chliaint is eisitheoir, leasanna an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní féin ná leasanna duine bhaintigh chun cinn ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le leasanna cliant eile;

(c) maidir le daoine atá freagrach as seirbhísí a sholáthar do chliaint infheistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, nó as cinneadh a dhéanamh maidir leis na táirgí ba cheart a áireamh sa liosta táirgí arna gcur ar fáil nó arna moladh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, go gcoiscfear cás ina mbeadh baint dhíreach ag na daoine sin le cinntí praghsála don chliant is eisitheoir;

(d) maidir le daoine atá freagrach as seirbhísí a sholáthar do chliaint infheistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, go gcoiscfear cás ina mbeidh baint dhíreach ag na daoine sin le cinntí i dtaobh moltaí a thabhairt don chliant is eisitheoir i ndáil le leithdháileadh;

(e) go gcuirfear cosc ar fheidhmiú ceart cur i ngeall gan toiliú a fháil ón gcliant infheistíochta roimh ré.

3. Beidh nós imeachta láraithe i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní chun a n-oibríochtaí láithrithe uile a shainaithint, lena n-áirítear an dáta a cuireadh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar an eolas faoi oibríochtaí láithrithe féideartha.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN